



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**ROINN 2**

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – IARNÓIN, 1.30 go 3.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. CUIMHNIGH AIR, LE DO THOIL, GO gCAITHFEAR AN FILLTEÁN  
A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.**

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist.

**1. DROMCHLA AN DOMHAIN Á MHÚNLÚ**

- A. Ainmnigh **dhá** ghné den Chreimeadh Cósta **agus dhá** ghné den Sil-leagan Cósta.

**NÓ**


Ainmnigh **dhá** ghné den Oighearchreimeadh **agus dhá** ghné den Sil-leagan Oighreach.

[8]

- B. (i) Tarraing léaráid de ghné **amháin** den Chreimeadh Abhann. Mínigh conas a fhoirmítear an ghné seo.
- (ii) Tarraing léaráid de ghné **amháin** de Shil-leagan Abhann. Mínigh conas a fhoirmítear an ghné seo

[12]

**C. Daoine agus Aibhneacha**



Bhain daoine úsáid as aibhneacha i gcónaí riamh. Taispeánann an fótagraf seo pictiúr de stáisiún Cumhachta Hidrileictreach (C.HL.)

Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin agus** ar míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le stáisiúin C.HL. a thógáil.

[10]

## 2. LEAS A BHAI NT AS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

### A. Portaigh Mhóna

- (i) Mínigh an difríocht idir **Acmhainní In-athnuaité agus Acmhainní Neamh-inathnuaité agus ainmnigh sampla **amháin de gach** ceann acu.**

[5]

- (ii) Ainmnigh **dhá** chineál portaigh a fhaightear in Éirinn.

[2]

### B. Céimeanna i mbaint na Móna sna Portaigh agus an Nua-Theicneolaíocht



Ag díol na Móna



Ag baint sa Phortach



An mhóin á hiompar



An portach á dhraenáil

- (i) Socraigh na céimeanna, a thaispeántar thuas, ina **n-ord ceart**, i do fhreagarleabhar.

[4]

- (ii) Ainmnigh inneall de chineál **amháin** a mbaintear leas as sna portaigh **agus** míni ghonas a úsáidtear é.

[5]

### C. Ró-iascaireacht

Tá ganntanas éisc ina lán limistéar farraige de bharr na ró-iascaireachta.

**Báid níos mó**

**Radar**

**Líonta níos mó**

**Craenacha**

- (i) Mínigh conas a chabhraigh **trí** cinn ar bith de na rudaí atá ainmnithe sa bhosca thuas, leis an ró-iascaireacht a bheith ag tarlú.

[6]

- (ii) Bain úsáid as sampla a bhfuil staidéar déanta agat air, chun cur síos a dhéanamh ar **dhá thoradh** a bhaineann leis an ró-iascaireacht sna farraigí **timeall ar Éirinn**.

[8]

### **3. LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

- A. Déan staidéar ar an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis.

Marcáil iad seo air agus ainmnigh iad:

- Abhainn
- Ceantar i mbaile mór atá faoi fhoirgnimh
- Ceantar faoi chrainn
- Príomhbhóthar Náisiúnta
- Tarraigts amháin turasóireachta

[12]

- B. Féach arís ar an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis a thugtar.

- (i) Tomhais an fad ina chiliméadair ar an mbóthar N72 ó Chlós na gCarbhán ag **V 916 921** go Droichead Beaufort ag **V 882 926**.

[4]

- (ii) Déan cur síos ar **thrí** ghníomhaíocht nó tarraigts turasóireachta, is féidir a fheiceáil ar an léarscáil seo.

[6]

- C. Tá sé socraithe monarcha a thógáil ag **V 962 919**, in aice leis an gabhal ag Ballydribeen.

Agus eolas ón léarscáil á úsáid agat, mínigh cén fáth a roghnaíodh an suíomh sin. Tabhair **dhá** chúis.

[8]

### **4. AERFÓTAGRAF – CILL AIRNE**

Déan staidéar ar an Aerfótagraf de Chill Airne a thugtar leis an bpáipéar seo.

[**NOD:** Cuimhnigh air gur **fótagraf fiar** é. Mar sin, ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid, e.g. an Cúlra ar Clé, an Tulra ar Dheis, etc.]

- A. Tarraig sracléarscáil de bhaile mór Chill Airne. Ar do shracléarscáil, marcáil agus ainmnigh iad seo:

- **Dhá** shráid a chónascann le chéile
- Príomhcheantar gnó an bhaile (Lárcheantar Gnó)
- Carrchlós mór **amháin**.

[10]

- B. Samhlaigh go bhfuil tú ar Chomhairle Baile Chill Airne agus ag cruinniú tá plé á dhéanamh ar infheistiú airgid chun an baile a fheabhsú.

Déan cur síos ar dhá rud a mholfá. Bain úsáid as oiread sonraí agus is féidir ón aerfótagraf.

[8]


- C. Ainmnigh **agus** aimsigh **trí** sheirbhís a chuireann baile mór Chill Airne ar fáil.

[12]

## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

Tabhair faoi TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna A, B, C, D.


### 5A. Atmaisféar Corrach



Déan staidéar cúramach ar an léaráid seo. Taispeánann sé conas a dhéanann an ghrian an domhan a théamh.

- (i) Ainmnigh an líne Domhanleithid marcáilte le A. [2]
- (ii) Déan cur síos ar an bhfáth a bhfuil tionchar téimh na gréine difriúil ag X agus Y. [6]

**Sa léarscaíl seo taispeántar dhá chineál aeráide, Aeráid Thuaisceartach agus Aeráid Tundra.**



- (iii) Ainmnigh réigiún **amháin** a bhfuil Aeráid Tuaisceartach **nó** Aeráid Tundra ann. [2]


## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA ar leanúint

### 5B. Creathanna Talún

- (i) Déan cur síos ar conas a tharlaíonn crith talún, agus tú ag tagairt don léaráid:

- Is é **A** an Fócas
- Is é **B** an Forlár
- Is Tonnta Turrainge iad **C**

[6]



- (ii) Ar 26 Nollaig 2004, bhual *Tsunami* na tíortha timpeall ar an Aigéan Indiach.

Tógadh na fótagraif seo ó shatailít amuigh sa spás.


Taispeánann siad an baile móir, Banda Aceh, san Indinéis sular bhual an *Tsunami* é **agus** tar éis don *Tsunami* é a bhualadh.

Mínigh cad is *Tsunami* ann.

[4]


5. **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA ar leanúint**

**5C. Ár dTimpeallacht a Chosaint**



- (i) Agus an pictiúr seo á úsáid agat, mínigh cúis **amháin agus iarmhaint amháin** ag báisteach aigéadach

[6]



- (ii) Déan staidéar ar an bpíchart seo, a thaispeánann na **saghsanna éagsúla dramhaíola** a chaitheann daoine uathu.

Cén céatadán den dramhaíl seo ar **páipéar** é?

[2]

- (iii) Ainmnigh **dhá** rud a thaispeántar sa phictiúr seo a chuireann do bhaile nó do scoil faoi choinne athchúrsála.

[2]

5. **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA ar leanúint**

**5D. Domhan Éagothrom**



Bucchi An Iodáil

- (i) Déan cur síos ar an teachtaireacht atá sa chartún seo, dar leat. [4]
- (ii) Mínigh cén fáth a mbíonn sé deacair ar **Thíortha i mBéal Forbartha** éirí níos saibre.

Bain úsáid as na leideanna seo a leanas chun cabhrú leat i do fhreagra:

- Trádáil le thíortha forbartha
- Aeráid
- Daonra

[6]

# Leathanach Bán